Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9292/25**

**RECH 242**
**TELECOM 155**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Bealtaine 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8390/25 |
| Ábhar: | I dtreo Straitéis an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga san Eolaíocht - Conclúidí ón gComhairle arna bhformheas an 23 Bealtaine 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le '*Towards an EU Strategy on Artificial Intelligence in Science*' [I dTreo Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir leis an Intleacht Shaorga san Eolaíoch] a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4097ú cruinniú a bhí aici an 23 Bealtaine 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**I dTREO STRAITÉIS AN AONTAIS MAIDIR LEIS AN INTLEACHT SHAORGA SAN EOLAÍOCHT**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS:

– na conclúidí uaithi an 26 Samhain 2021 maidir le Rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) Amach Anseo [1];

– na conclúidí uaithi an 2 Nollaig 2022[2] maidir leis an gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht;

– na conclúidí uaithi an 5 Samhain 2024[3] maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 08/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *EU Artificial Intelligence ambition — Stronger governance and increased, more focused investment essential going forward* [Uaillmhian an Aontais maidir leis an Intleachta Shaorga – Rialachas níos láidre agus infheistíocht níos mó agus níos dírithe a bheidh ríthábhachtach amach anseo], ina leagtar béim ar an ngá atá le hiarrachtaí comhordaithe, infheistíochtaí méadaithe agus rochtain níos fearr ar bhonneagar digiteach ar mhaithe le forbairt na hintleachta saorga;

AG TABHAIRT DÁ hAIRE:

– an teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil leis an bPlean Comhordaithe maidir leis an Intleacht Shaorga (IS)[4], lena gcuirtear creat ar fáil chun straitéisí na mBallstát a ailíniú le tosaíochtaí an Aontais;

– an tuarascáil athbhreithnithe fianaise ón Sásra um Chomhairle Eolaíoch chuig an gCoimisiún Eorpach dar teideal *Successful and timely uptake of artificial intelligence in science in the EU* [Glacadh rathúil tráthúil na hintleachta saorga san eolaíocht san Aontas'] a foilsíodh i mí Aibreáin 2024;

---

[1] 14308/21.
[2] 14705/22.
[3] 14849/24.
[4] COM(2018) 795

– treoirlínte an Choimisiúin maidir le cleachtais thoirmiscthe intleachta saorga arna mbunú leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, go háirithe na soiléirithe a bhaineann leis an díolúine taighde ón nGníomh um an Intleacht Shaorga[5].

– an '*Statement on inclusive and sustainable artificial intelligence for people and the planet*' [Ráiteas maidir leis an intleacht shaorga uilechuimsitheach agus inbhuanaithe do dhaoine agus don phláinéad] a síníodh an 11 Feabhra 2025 ag an gCruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hIntleachta Saorga.

1. AITHNÍONN SÍ forbairt thapa na hintleachta saorga agus teicneolaíochtaí intleachta saorga atá dírithe ar an eolaíocht, atá ag athrú cleachtais eolaíochta ó bhonn agus a bhfuil éachtaí agus feidhmchláir cheannródaíocha san eolaíocht mar thoradh uirthi.

2. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil go leor feidhmeanna éagsúla ag an intleacht shaorga san eolaíocht, lena n-áirítear mar uirlis ildánach le haghaidh anailís agus ionsamhlú sonraí as a dtiocfaidh fionnachtana nua agus samhlacha móra teanga a úsáidtear mar uirlis tacaíochta.

3. AITHNÍONN SÍ barr feabhais an taighde agus na nuálaíochta san Eoraip ó thaobh na hintleachta saorga de agus a thábhachtaí atá sin ó thaobh eolaíocht cheannródaíoch a chumasú, sa taighde bunúsach agus sa taighde feidhmeach araon, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, iomaíochas a fheabhsú, freastal ar riachtanais shochaíocha, agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn ar bhealach éifeachtúil uilechuimsitheach san Eoraip.

4. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá comhar i dtaca le hintleacht shaorga san eolaíocht, go háirithe comhar idirnáisiúnta, agus CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart don Aontas tógáil ar chomhpháirtíochtaí cómhalartacha neamh-idirdhealaitheacha chun feabhas a chur ar mhalartú eolaíoch, idir-inoibritheacht, agus forbairt fhreagrach eiticiúil, agus aird á thabhairt ar thaighde agus ar shlándáil eacnamaíoch.

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar phoitéinseal claochlaitheach na hintleachta saorga agus an gá atá le húsáid fhreagrach, inbhuanaithe, eiticiúil agus chuimsitheach na hintleachta saorga san eolaíocht chun eolas ceannródaíoch a spreagadh agus chun imscaradh na nuálaíochta a chur chun cinn, chun an t-am a ghlacann sé táirgí a chur ar an margadh a laghdú, chun feidhmíocht T&N an Aontais uile a neartú agus chun borradh a chur faoina acmhainneacht dul san iomaíocht ar bhonn domhanda, rud a mbeidh tairbhí suntasacha sóisialta agus eacnamaíocha mar thoradh air agus a chuirfidh feabhas ar chumas na mBallstát fás, a bheith nuálach, ceannaireacht straitéiseach a fhorbairt in earnálacha ardtionchair, an tslándáil eacnamaíoch a threisiú, agus dul i ngleic le dúshláin.

---

[5] C(2025)884 final.

6. CUIREANN SÍ SAN ÁIREAMH go ndéantar córais agus samhlacha intleachta saorga a fhorbraítear agus a chuirtear i mbun seirbhíse go sonrach ar mhaithe le taighde agus forbartha eolaíche amháin, chomh maith le gníomhaíocht tástála agus forbartha taighde i ndáil le córais nó samhlacha intleachta saorga sula gcuirtear ar an margadh nó i mbun seirbhíse iad, go ndéantar na córais agus na samhlacha sin a dhíolmhú ón nGníomh um an Intleacht Shaorga[6].

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach bhfuil aon bheartas tiomnaithe sistéamach ag an Aontas faoi láthair chun glacadh na hintleachta saorga san eolaíocht a éascú; ba cheart do bheartas mar sin tionscnaimh agus uirlisí intleachta saorga atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn a nascadh agus a chomhlánú, chun borradh a chur faoi ghlacadh na hintleachta saorga san eolaíocht agus chun foráil a dhéanamh do ghníomhaíochtaí nua níos spriocdhírithe chun an beartas sin a chur i bhfeidhm.

8. AITHNÍONN SÍ an obair atá déanta ag an gCoimisiún ar straitéis Eorpach atá ar na bacáin maidir le hintleacht shaorga san eolaíocht, agus IARRANN SÍ gur ar an eolas agus ar an gcleachtas is fearr atá ar fáil a bhunófaí an straitéis sin agus go bhforbrófaí í i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an bpobal T&N. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na gníomhaíochtaí atá ar bun ag an gCoimisiún faoi láthair, mar shampla, an cleachtadh foghlama frithpháirtí maidir le beartais náisiúnta don intleacht shaorga san eolaíocht

9. CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart an méid seo a leanas a dhéanamh leis an straitéis go háirithe:

– tacú le forbairt éiceachóras taighde idirdhisciplíneach agus, i gcás ina bhfuil sé tairbhiúil, trasdisciplíneach, a bhaineann leis an intleacht shaorga san eolaíocht;

– forbairtí comhordaithe beartais a fheabhsú ar leibhéal an Aontais agus idir leibhéal an Aontais agus an leibhéal náisiúnta, chun úsáid níos freagraí, níos eiticiúla agus níos uilechuimsithí a bhaint as an intleacht shaorga san eolaíocht;

– foráil a dhéanamh maidir le bealach éifeachtúil chun faireachán a dhéanamh ar thionchar na hintleachta saorga ar an bpróiseas eolaíoch;

– obair a dhéanamh ar thaighdeoirí agus gairmithe taighde a uas-sciliú agus a athsciliú chun tairbhe a bhaint as réitigh atá bunaithe ar an intleacht shaorga;

– úsáid fhreagrach, eiticiúil, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach na gcóras, na réiteach agus na n-uirlisí atá bunaithe ar an intleacht shaorga is infheidhme sa taighde agus sa nuálaíocht a chur chun cinn;

---

6 IO L, 2024/1689, 12.7.2024, lch.1.

- tacú le rochtain oscailte ar shonraí iontaofa bunaithe ar phrionsabail FAIR (prionsabail na so-aimsitheachta, na hinrochtaineachta, na hidir-inoibritheachta agus na hin-athúsáideachta) agus bearta comhréireacha, beachta agus éifeachtacha slándála á n-áirithiú ag an am céanna chun faisnéis íogair a chosaint agus chun sláine sonraí a chaomhnú;
- feabhas a chur ar an idirnascacht agus ar an idir-inoibritheacht idir bonneagar agus acmhainní ábhartha straitéiseacha taighde, teicneolaíocha agus digiteacha.

**Beartas comhordaithe agus tacaíocht don intleacht shaorga san eolaíocht**

10. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá clár oibre coiteann Eorpach don intleacht shaorga san eolaíocht, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú le forbairt pobal taighde idirdhisciplíneach maidir leis an intleacht shaorga san eolaíocht, lena dtabharfar eolaithe intleachta saorga, eolaithe fearainn eile lena n-áirítear eolaithe ó na heolaíochtaí sóisialta agus daonna, agus saineolaithe sonraí agus ríomhaireachta agus speisialtóirí ríomhaireachta ardfheidhmíochta le chéile.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá cistiú, sonraí, tallann agus scileanna eolaíocha na cumhachta ríomhaireachtúla d'iomaíochas an Aontais san intleacht shaorga agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bealaí nuálacha a mholadh chun tacú le rochtain ar na hacmhainní sin do phobal an taighde agus na nuálaíochta ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde ina iomláine.

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an coincheap maidir le Comhairle Eorpach um Thaighde ar an Intleacht Shaorga a chruthú, mar a d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú leis na Ballstáit ar mhionsonraí an tionscnaimh sin, go háirithe misean agus rialachas an tionscnaimh chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na tionscnaimh agus na struchtúir atá ann cheana.

13. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé straitéisí tiomnaithe náisiúnta nó réigiúnacha a ailíniú nó, i gcás inarb iomchuí, a chruthú don intleacht shaorga san eolaíocht, agus sineirgí a ghiaráil le tionscnaimh intleachta saorga níos leithne ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an poitéinseal a bhaineann le tionscnaimh atá ar na bacáin a mhapáil agus faireachán a dhéanamh orthu chun dúbailt agus ilroinnt a sheachaint, agus chun foráil a dhéanamh do thuairisciú éifeachtúil cuíchóirithe.

14. IARRANN SÍ go gcuirfí feabhas ar chomhordú agus ar mhalartú i gcás acmhainní intleachta saorga agus modheolaíochtaí níos leithne IS-bhunaithe a forbraíodh don eolaíocht ar leibhéal na mBallstát agus i gcás na modheolaíochtaí sin arna dtionscnamh ag an gCoimisiún chun go mbeadh an tionchar is mó acu agus chun a áirithiú go mbeidh siad comhlántach.

**Uas-sciliú agus athsciliú an phobail T&N**

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit, agus ar phobail Eorpacha T&N i gcoitinne tacú le réitigh iontaofa intleachta saorga 'déanta san Eoraip' a fhorbairt agus úsáid níos mó agus níos freagraí a bhaint as an intleacht shaorga san eolaíocht. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé tuilleadh oibre a dhéanamh chun na beartais agus scéimeanna atá ann cheana agus cinn nua a fhorbairt chun tallann taighde agus nuálaíochta i réimse na hintleachta saorga a mhealladh, a choinneáil agus a thabhairt ar ais chun na hEorpa, lena n-áirítear trí líonraí agus cláir mhalartaithe a fhorbairt agus trí Ardán Tallainne LET.

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go mbeadh rochtain níos leithne ag taighdeoirí agus nuálaithe, bainisteoirí taighde agus gairmithe tacaíochta ar acmhainní leordhóthanacha intleachta saorga, lena n-áirítear trí chláir chuimsitheacha uas-scilithe agus athscilithe san intleacht shaorga, chun cur lena n-acmhainneacht tairbhe a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an intleacht shaorga, an rochtain chóir atá acu ar eolas nua agus ar theicneolaíochtaí nua a áirithiú, agus aistriú modhanna oibre in T&N a chumasú, de réir mar is iomchuí, ar bhealach nach bhfágfar aon duine ar lár.

17. MOLANN SÍ do na Ballstáit, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí náisiúnta, tacú le tionscnaimh mheánoideachais agus ardoideachais, ghairmoiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil le bearta sonracha chun an bhearna scileanna digiteacha a dhúnadh chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar shaineolas intleachta saorga san eolaíocht, lena n-áirítear riachtanais ábhartha mhargadh an tsaothair.

18. LEAGANN SÍ BÉIM AIR gur cheart claontacht, claontacht inscne, nó cineálacha eile idirdhealaithe a sheachaint le forbairtí i dteicneolaíochtaí na hintleachta saorga. IARRANN SÍ go dtabharfaí tacaíocht do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht i dtaighde STEM agus i dtaighde i dtaca leis an intleacht shaorga trí, mar shampla, meantóireacht agus deiseanna eile i dtreo na huilechuimsitheachta agus na cothromaíochta inscne.

**Cur chuige eiticiúil, inbhuanaithe, uilechuimsitheach agus duinelárnach**

19. AITHNÍONN SÍ go bhfuil rioscaí ag baint le glacadh na hintleachta saorga san eolaíocht a eascraíonn as teorainneacha teicneolaíocha, mí-úsáid a d'fhéadfadh a bheith d'aon ghnó nó neamhbheartaithe, úsáid mhífhreagrach na hintleachta saorga san eolaíocht, lena n-áirítear úsáid mhí-eiticiúil a bhaint as algartaim agus ceapadh samhlacha, ionramháil sonraí, giniúint earráidí fíorasacha, agus claontacht uathoibrithe. LUANN SÍ go bhféadfadh mífhaisnéis, cinnteoireacht chlaonta agus cur isteach sochaíoch gan choinne a bheith mar thoradh air sin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin go bhféadfaí iontaofacht, cothroime, in-atáirgtheacht agus sláine cleachtas taighde a mheath de bharr ábhair imní a bhaineann le hinmhínitheacht, cosaint sonraí agus maoin intleachtúil, agus saincheisteanna eile.

20. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún tagarmharcanna ardcháilíochta a chur ar fáil don intleacht shaorga san eolaíocht i ndlúthchomhar leis an bpobal eolaíochta agus, nuair a bheidh faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhíonn ag glacadh na hintleachta saorga sa T&N, gníomhú i gcoinne úsáidí mailíseacha agus foláireamh a thabhairt maidir le cleachtais mhíchuí agus mí-úsáidí eile, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus bunaithe ar chur chuige duinelárnach agus ar phrionsabail an daonnachais dhigitigh. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé treoirlínte, tagarmharcanna agus dea-chleachtais a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta go minic maidir le húsáid na hintleachta saorga san eolaíocht chun sláine agus trédhearcacht a áirithiú, agus chun iontaofacht, agus bailíocht na n-aschur T&N a fheabhsú, agus caighdeánú teicniúil á chur chun cinn ag an am céanna chun idir-inoibritheacht agus in-atáirgtheacht a fheabhsú agus feidhmíocht chomhshaoil na hintleachta saorga a chothú. IS DÍOL SÁSAIMH DI, i bhfianaise an mhéid sin, doiciméad ó pháirtithe leasmhara Fhóram LET: dar teideal *Living Guidelines on the Responsible Use of Generative AI in research* [Treoirlínte Beo maidir le hÚsáid Fhreagrach na hIntleachta Saorga sa Taighde].

**Sonraí oscailte iontaofa chun an intleacht shaorga a chothú ar mhaithe leis an eolaíocht**

21. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Dearbhú Lund maidir leis an leas is fearr is féidir a bhaint as sonraí FAIR agus as sonraí taighde oscailte san Eoraip, agus an tslándáil eacnamaíoch agus taighde á gcur san áireamh. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé taighdeoirí a spreagadh agus luach saothair a thabhairt dóibh as a gcuid sonraí agus samhlacha coimeádaithe a chur ar fáil de réir phrionsabail eiticiúla agus phrionsabail FAIR, agus ina theannta sin, as sonraí a chur in oiriúint do phróiseáil intleachta saorga, comhroinnt agus idir-inoibritheacht chomhchuibhithe sonraí a chothú agus comhleanúnachas a áirithiú le samhail chónasctha NEEO maidir le comhroinnt sonraí.

22. IARRANN SÍ ar na Ballstáit rannchuidiú go gníomhach le cur chun feidhme na Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha atá ann cheana, mar shampla an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (NEEO), agus spásanna nua sonraí i gcás inar gá chun tacú le taighde agus oiliúint atá dírithe ar an intleacht shaorga maidir le samhlacha intleachta saorga.

23. MOLANN SÍ go nglacfaí cleachtais eolaíochta oscailte i gcás bailiú sonraí, agus comhroinnt sonraí, agus go bhforbrófaí uirlisí intleachta saorga don eolaíocht, lena n-áirítear samhlacha oscailte agus algartaim a úsáid, chun cur le héifeachtúlacht, trédhearcacht agus in-atáirgtheacht na heolaíochta atá cumhachtaithe ag an intleacht shaorga.

24. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé treoirlínte a fhorbairt agus tacú le réitigh theicniúla maidir le húsáid fhreagrach na hintleachta saorga san fhoilsitheoireacht eolaíoch. MEASANN SÍ gur cheart do na treoirlínte agus na réitigh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta maoine intleachtúla, trédhearcacht, sláine agus cleachtais eiticiúla.

**Rochtain chóir ar réitigh intleachta saorga agus ar bhonneagar idirnasctha**

25. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit iarrachtaí breise a dhéanamh chun bonneagar agus acmhainní cumasúcháin na hintleachta saorga a nascadh ar bhealach níos fearr ar fud an Aontais uile, tacú le rochtain chothrom ar ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus ar ardbhogearraí do thaighdeoirí agus do nuálaithe, agus comhar trasteorann agus, i gcás inarb iomchuí, comhar idirnáisiúnta a chothú idir taighdeoirí agus páirtithe leasmhara ábhartha (e.g. gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, an earnáil tionsclaíochta, eagraíochtaí sóisialta agus lucht ceaptha beartas).

26. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí teicneolaíochtaí tiomnaithe intleachta saorga a fhorbairt lena gcur i bhfeidhm san eolaíocht. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Aontas agus na Ballstáit chun feabhas a chur ar an acmhainneacht ríomhaireachta agus IARRANN SÍ orthu rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, ón earnáil phríobháideach go háirithe, agus infheistíocht agus comhar a neartú chun tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh.

27. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá rannpháirtíocht níos fearr ón bpobal T&N san éiceachóras atá bunaithe ar ríomhairí ardfheidhmíochta Eorpacha agus ar mhonarchana na hintleachta saorga. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún feabhas a chur ar idir-inoibritheacht bonneagair, rochtain chóir ar acmhainneacht ríomhaireachtúil agus ar bhogearraí a fheabhsú agus a éascú a thuilleadh do thaighdeoirí agus do nuálaithe chun taighde ar an intleacht shaorga a chur chun cinn chun go mbeidh glacadh léi san eolaíocht, agus éifeachtúlacht fuinnimh agus gné chomhshaoil na mbonneagar intleachta saorga á gcur san áireamh ag an am céanna.

28. TUGANN SÍ DÁ hAIRE poitéinseal cuideachtaí, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis san Aontas chun tacú le taighdeoirí agus nuálaithe teicneolaíochtaí iontaofa atá bunaithe ar an intleacht shaorga a fhorbairt agus tairbhe a bhaint astu le haghaidh T&N, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit obair ar chórais, ar fheidhmchláir nó ar uirlisí a spreagadh agus tacú leis an obair sin chun úsáid spriocdhírithe a bhaint as an intleacht shaorga in T&N, agus cearta maoine intleachtúla agus cóipcheart á gcur san áireamh.

29. IARRANN SÍ go ndéanfaí an soláthar poiblí agus cistiú T&N a ghiaráil chun go nglacfaí teicneolaíochtaí intleachta saorga mar shampla, in institiúidí ardoideachais, eagraíochtaí cistithe taighde agus feidhmíochta, oifigí aistrithe teicneolaíochta agus luasairí, agus comhtháthú na hintleachta saorga i bpróisis eolaíocha, seach-chuideachtaí ollscoile, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí atá i mbun fáis á gcur chun cinn.